**CUR CHUIGE CUNTASAÍOCHTA MAIDIR LE HAIRGEAD A THIOMSAÍTEAR DO THIONSCADAL TÓGÁLA:**

Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – "D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu."

Tabhair do d'aire: I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d'iontaobhaithe agus d'iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

*Is é seo a leanas an cur chuige cuntasaíochta:*

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Choistí Tiomsaithe Airgid le haghaidh obair chaipitiúil ar fhoirgnimh | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3901 | Ioncam ó Thiomsú Airgid do Thionscadail Chaipitiúla<br>Caipiteal & Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ioncaim ó Thiomsú Airgid Coistí le haghaidh caipitil obair chaipitiúil ar fhoirgnimh | DR | 3960 | Costas Tiomsaithe Airgid don Chlár Caipitiúil Tógála<br>Caipiteal & Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

An bhliain tar éis don tionscadal tógála caipitil a bheith críochnaithe ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste tógála.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí chuig costas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Tógála | DR | 3901 | Ioncam ó Thiomsú Airgid do Thionscadail Chaipitiúla<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3995 | Cuntas Ciste Tógála<br>Caipiteal & Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail tógála caipitil a aistriú chuig an gCiste Tógála | DR | 3995 | Cuntas Ciste Tógála<br>Caipiteal & Cúlchistí |
| | CR | 3960 | Costas Tiomsaithe Airgid don Chlár Caipitiúil Tógála<br>Sócmhainn Reatha |